



Tá Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge ag earcú **Oifigeach Forbartha Óige (páirtaimseartha)** (20 uair sa tseachtain).

Is eagraíocht óige í Feachtas, a bhfuil sé d'aidhm aici an Ghaeilge a chur chun cinn i measc daoine óga agus cuidiú lena bhforbairt phearsanta agus shóisialta. Déantar é seo trí chlubanna óige agus imeachtaí sóisialta a eagrú i gcomhpháirt leo.

Tá an post seo mar Oifigeach Forbartha Óige maoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige tríd an Scéim Deontas do Sheirbhísí Óige.

Beidh an tOifigeach Forbartha Óige freagrach as clubanna óige a bhunú, a mhaoirsiú, agus a láidriú chun deis a thabhairt do dhaoine páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí óige trí mheán na Gaeilge.

Tá an post lonnaithe in oifig Feachtas i dTamhlacht BÁC 24, tá sé indéanta go leor den obair a dhéanamh go fíorúil

Beidh na dualgais seo a leanas ina gcuid lárnach den phost:

- Clubanna óige pobail a bhunú agus a mhaoirsiú faoi threoir an bhainisteora agus Coiste Ceannais Feachtas
- Tacaíocht agus traenáil a chur ar fáil do cheannairí
- Cabhrú leis na clubanna cloí le polasaithe agus spriocanna na heagraíochta
- Imeachtaí agus turais a eagrú mar chuid d'fhoireann Feachtas
- Na meáin shóisialta a bhainistiú

Riachtanais:

- Taithí ar Obair Óige
- Ardchaighdeán Gaeilge, idir labhairt agus scríobh
- Scileanna láidre idirphearsanta agus cumarsáide
- Scileanna maithe eagrúcháin agus riaracháin, ar a n-áirítear scileanna ríomhaireachta

Inmhianaithe

- Cáilíocht chuí sa Ghaeilge nó san obair Óige nó a chomhionann
- Ceadúnas glan tiomána agus teacht ar charr

Iarratas:

- Ní mór (i) litir iarratais agus (ii) CV iomlán a chur le ríomhphost chuig Aoife Nic Lughadha ag eolas@feachtas.ie
- **roimh 12.00 i.n. Dé Aoine, 24 Meán Fómhair 2021**
- Ní ghlacfar le haon iarratais i ndiaidh an spriocdháta.

Urraithe ag



An Roinn Leanaí, Condiomnais,
Míchramais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality,
Disability, Integration and Youth